

BEARTAS UM CHOSAINT SONRAÍ

LEAGAN 1.0

BEARTAS UM CHOSAINT SONRAÍ

Clár an Ábhair

| | |
|--|-----------|
| 1. Réamhrá..... | 4 |
| 2. Raon feidhme agus cuspóir..... | 4 |
| 3. Freagracht as an mbeartas seo..... | 5 |
| 4. Prionsabail um chosaint sonraí..... | 6 |
| 4.1 Is gá sonraí pearsanta a phróiseáil go dleathach, go cothrom agus go trédhearcach..... | 6 |
| 4.2 Ní féidir sonraí pearsanta a bhailiú ach le haghaidh críocha atá sonrach, soiléir agus dlisteanach..... | 8 |
| 4.3 Ní mór go mbeadh sonraí pearsanta leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don méid is riachtanach don phróiseáil (íoslaghdú sonraí)..... | 8 |
| 4.4 Ní mór go mbeidh sonraí pearsanta cruinn agus cothrom le dáta agus go ndéanfar gach iarracht sonraí a scrios nó a cheartú gan mhoill..... | 9 |
| 4.5 Ní mór sonraí pearsanta a choinneáil i riocht nach féidir an duine is ábhar do na sonraí a shainaithint ach chomh fada agus is gá le haghaidh próiseála..... | 9 |
| 4.6 Ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar shlí a áirithíonn slándáil iomchuí..... | 9 |
| 4.7 Freagracht as comhlíonadh a léiriú..... | 9 |
| 5. Cearta daoine aonair ar bailíodh a gcuid sonraí..... | 10 |
| 5.1 Ceart rochtana an duine is ábhar do na sonraí..... | 10 |
| 5.2 Ceart ar cheartú..... | 10 |
| 5.3 Ceart scriosta sonraí (an ceart go ligfí i ndearmad)..... | 10 |
| 5.4 Ceart go ndéanfaí próiseáil a shrianadh..... | 10 |
| 5.5 Ceart maidir le hiniomparthacht sonraí..... | 10 |
| 5.6 An ceart chun cur i gcoinne (Art.21)..... | 11 |
| 5.7 An ceart nach mbeifí faoi réir cinnteoireacht uathoibríthe (Art.22)..... | 11 |
| 5.8 Ceart chun gearán a dhéanamh..... | 11 |
| 6. Freagrachtaí an ROS..... | 12 |
| 6.1 Beartais chuí theicniúla agus eagarthóireachta a áirithiú..... | 12 |
| 6.2 Cothabháil ar thairfead próiseála sonraí..... | 12 |
| 6.3 Comhaontuithe iomchuí a fheidhmiú le tríú páirtithe..... | 12 |

BEARTAS UM CHOSAINT SONRAÍ

| | | |
|-----------|--|-----------|
| 6.4 | Aistrithe sonraí pearsanta lasmuigh den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach..... | 12 |
| 6.5 | Cosaint sonraí trí dhearadh agus trí mhainneachtain..... | 12 |
| 6.6 | Measúnuithe ar thionchar cosanta sonraí..... | 13 |
| 6.7 | Sáruithe i leith cosanta sonraí..... | 13 |
| 6.8 | Saoráil Faisnéise | 13 |
| 6.9 | Rialachas..... | 13 |
| 7. | Freagrachtaí an Oifigigh Chosanta Sonraí..... | 15 |
| 8. | Freagrachtaí comhaltaí foirne agus páirtithe comhchosúla | 16 |
| 8.1 | Oiliúint agus Feasacht | 16 |
| 8.2 | Impleachtaí mura gcomhlíontar an beartas | 16 |
| 9. | Treoir maidir le fiosruithe faoin mbeartas um chosaint sonraí | 17 |

BEARTAS UM CHOSAINT SONRAÍ

1. Réamhrá

Is Roinn de chuid Rialtas na hÉireann í an Roinn Oideachais agus Scileanna. Seo thíos an misean atá aici:

a chur ar chumas daoine tríd an bhfoghlaim a lánacmhainneacht a bhaint amach le go bhféadann siad cur le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta na hÉireann.

Cuireann an Roinn tacaíocht agus creat maoinithe, beartais agus reachtaíochta ar fáil don oideachas agus don fhorbairt scileanna i suímh luath-óige, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, institiúidí ardoideachais, soláthróirí breisoideachais, oideachas do dhaoine lánfhásta agus oideachas athdheise. Sa ghnó seo, tacaíonn roinnt gníomhaireachtaí leis an Roinn, ar féidir sonraí a fháil fúthu ar an suíomh gréasáin www.education.ie.

Níl baint ag an Roinn le soláthar díreach an oideachais, ach oibríonn sí i gcomhpháirt le scoileanna agus le soláthróirí eile oideachais agus oiliúna, le tuismitheoirí, le daltaí agus le pobail lena cuspóirí a bhaint amach. Tá raon an róil seo le brath ar an líon foirne faoi 1300 atá sa Roinn, ar líon beag go leor é i gcomparáid le méid na hearnála agus an bhuiséid.

Ta an Roinn tiomanta go gcosnófar cearta agus príobháideachas daoine aonair de réir reachtaíochta um chosaint sonraí an Aontais Eorpaigh agus na hÉireann. Ní mór don Roinn sonraí pearsanta faoi fhostaithe, faoi chliaint, faoi sholáthróirí agus faoi dhaoine aonair a phróiseáil go dleathach agus go cothrom le go mbeidh sí in ann a misean agus a feidhmeanna a bhaint amach.

Tugann an reachtaíocht um chosaint sonraí cearta do dhaoine aonair chomh maith le freagrachtaí a chur ar na daoine sin a phróiseálann sonraí pearsanta. Leagtar amach sa bheartas seo an chaoi a bhféachann an Roinn le sonraí pearsanta a phróiseáil agus a chinntiú go dtuigeann an fhoireann na rialacha faoi shonraí pearsanta a bhfuil rochtain acu orthu a úsáid le linn a gcuid oibre.

Tagann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí de chuid AE (RGCS AE 2016/679) in ionad na Treorach um Chosaint Sonraí 95/46/CE agus dearadh é le dlíthe príobháideachais a chomhchuíbhíú ar fud na hEorpa, cosaint sonraí shaoránaigh AE a áirithiú agus a chumasú agus le hathmhúnlú a dhéanamh ar an gcaoi a bpléann eagraíochtaí ar fud an limistéir le príobháideachas sonraí. Forfheidhmeofar an RGCS ón 25 Bealtaine 2018. Tá nuashonrú déanta ar an leagan seo de bheartas na Roinne leis an RGCS a chur san áireamh.

2. Raon feidhme agus cuspóir

Baineann an beartas seo le gach feidhm próiseála sonraí pearsanta de chuid na Roinne, i leith daoine nádúrtha aitheanta nó inaitheanta, lena n-áirítear feidhmeanna a dhéantar i leith cliant, fostaithe, soláthróirí agus aon sonraí pearsanta eile a phróiseálann an Roinn ó aon fhoinse ar bith.

BEARTAS UM CHOSAINT SONRAÍ

Sainmhínítear sonraí pearsanta mar aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha aitheanta nó inaitheanta ('ábhar sonraí'); is é is duine inaitheanta ann duine is féidir a aithint, go díreach nó go neamhdhíreach, go sonrach trí thagairt d'aitheantóir ar nós ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó d'aon chúinse amháin nó níos mó a bhaineann go sonrach le haitheantas fisiciúil, fiseolaíoch, géiniteach, meabhrach, eacnamaíoch, cultúrtha nó sóisialta an duine sin.

Catagóirí speisialta sonraí pearsanta – sonraí pearsanta a thugann eolas ar bhunús cine nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnda nó fealsúnachta, ballraíocht ceardchumainn, próiseáil sonraí géiniteacha nó sonraí bithmhéadracha le haghaidh duine a shainaithint, sonraí maidir le sláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó le gnéaschlaonadh duine.

Ba chóir an beartas seo a léamh i gcomhar le beartais eile ábhartha na Roinne, gléasanna iniompartha agus soghluaiste, sáruihte ar shonraí pearsanta agus iarratais ar rochtain ar ábhar. Is féidir go leasódh nó go bhforlíonfadh an Roinn an beartas ó am go chéile le beartais agus le treoirlínte breise. Is féidir tagairt a dhéanamh do leathanaigh na Roinne um Chosaint Sonraí ar an suíomh gréasáin má theastaíonn tuilleadh eolais.

3. Freagracht as an mbeartas seo

Tá Aire, Airí Sóisearacha, Ard-Rúnaí, Leas-Rúnaí agus Rúnaithe Cúnta na Roinne tiomanta do chomhlíonadh gach dlí Éireannach agus Eorpach i leith sonraí a chosaint, agus cosaint a dhéanamh ar chearta agus ar shaoirsí daoine aonair a mbailíonn agus a bpróiseálann an Roinn a gcuid sonraí.

Tá Oifigigh Shinsearacha, Rúnaithe Cúnta agus Príomhoifigigh freagrach as a áirithiú go gcuirfead an beartas seo chun feidhme ina Rannóga faoi seach. Is iad na Príomhoifigigh agus a gcomhionann de ghrád na rialaitheoirí sonraí ainmnithe dá réimsí freagrachta, sa chás go mbailíonn, go stóráilann nó go bpróiseálann an rannóg aon sonraí pearsanta.

Bainisteoirí ag gach leibhéal a bheidh freagrach as a bheith in ann a léiriú go bhfuil an beartas seo curtha chun feidhme.

Tá freagracht ar gach ball foirne beartais cosanta sonraí na Roinne a chomhlíonadh.

4. Prionsabail um chosaint sonraí

Is riachtanach gach próiseáil ar shonraí pearsanta a dhéanamh de réir na bprionsabal um chosaint sonraí a leagtar amach sa reachtaíocht ábhartha. Tá beartais agus gnáis na Roinne ceaptha d'fhonn comhlíonadh na bprionsabal a leanas a áirithiú:-

4.1 *Is gá sonraí pearsanta a phróiseáil go dleathach, go cothrom agus go trédhearcach*

Dleathach – próiseálann an Roinn sonraí pearsanta i gcás inar gá chun na críocha a leanas

- *feidhm a chomhlíonadh de réir leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don Roinn;*
- *oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh;*
- *conradh a chomhlíonadh;*
- *leasanna bunúsacha duine aonair nó duine eile a chosaint;*
- *próiseáil ama déanamh ar bhonn toilithe;*
- *leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an Roinn mar eagraíocht le hais cúraimí poiblí a dhéanamh mar roinn de chuid Rialtas na hÉireann.*

Cúraimí chun leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil

Próiseálann an Roinn sonraí pearsanta agus í ag déanamh cúraimí de réir leas an phobail nó trína húdarás oifigiúil a mhéid is gá agus is comhréireach le haghaidh na nithe a leanas:

- *comhlíonadh feidhmeanna a bronnadh faoi achtachán (reachtaíocht phríomha nó reachtaíocht thánaisteach) nó faoin mBunreacht (e.g. cinneadh de chuid an rialtais, airgead a vótáil an tOireachtas) nó*
- *riarachán (e.g. trí chiorclán roinne) ar scéimeanna neamhreachtúla, maidir le cláir nó cistí i gcás gur feidhm de chuid na Roinne é bunús dlí an riaracháin sin a bronnadh faoi achtachán nó faoin mBunreacht.*

Déantar foráil i leith fheidhmeanna reachtúla na Roinne faoin Acht Oideachais, 1998 agus reachtaíocht eile.

Faoi alt 7 den Acht Oideachais 1998 is é feidhm an Aire soláthar a dhéanamh don oideachas agus seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do scoileanna aitheanta, d'ionaid oideachais, do dhaltaí, ar a n-áirítear daltaí ar a bhfuil míchumas nó sainriachtanas oideachasúil eile, agus a dtuismitheoirí mar is iomchuí leis an Aire.

BEARTAS UM CHOSAINT SONRAÍ

Ina theannta sin, faoi alt 24 den Acht Oideachais 1998 is é an tAire le comhthoilíú an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chinneann téarmaí agus coinníollacha múinteoirí agus foirne eile i scoil aitheanta, atá ceaptha ag na boird agus a n-íoctar a luach saothair as airgead a chuireann an tOireachtas ar fáil.

Tá liosta de chuid den reachtaíocht chuí ar fáil anseo

<https://www.education.ie/en/The-Education-System/Legislation/>

Faoi alt 266 den Acht Leasa Shóisialaigh, 2005 foráiltear do chomhlachtaí sonraithe mar atá sainaitheanta sa sceideal atá ceangailte leis an Acht sin d'fhonn sonraí pearsanta a roinnt leis an Roinn.

Oibleagáid dhlíthiúil

D'fhéadfadh go mbeadh próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann an Roinn ag brath ar oibleagáidí dlíthiúla e.g. asbhaintí faoin reachtaíocht Cánach agus Leasa Shóisialaigh. Tá an Roinn faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta 1986 agus, mar sin de, tá sí faoi ceangal taifid a choinneáil a bhféadfadh sonraí pearsanta a bheith iontu chun críche na cartlannaíochta.

Conradh

Féadfaidh an Roinn sonraí pearsanta a phróiseáil mar is riachtanach le haghaidh comhlíonadh conradh seirbhísí nó earraí nó i leith conarthaí fostaíochta maidir lena cuid fostaíthe féin.

Leas bunúsach duine aonair nó daoine eile

Ó am go chéile, féadfaidh an Roinn sonraí pearsanta a phróiseáil sa chás gur riachtanach sin le leasanna bunúsacha duine aonair nó duine eile a chosaint. Féadfaidh go mbeidh an cineál próiseála seo de dhíth chun críche leas nó cosaint leanáil.

Toiliú

Mar chomhlacht mór poiblí ní bhíonn an Roinn ag brath ar thoiliú mar bhunús dlí ach amháin le haghaidh críocha teoranta i gcás go mbíonn an phróiseáil roghnach agus i gcás go bhfuil an duine aonair in ann a c(h)ead a thabhairt go saor don phróiseáil ag an Roinn, e.g. bheith ar liosta seachadta ríomhphost, suirbhéanna.

Leas dlisteanach

Mar údarás poiblí ní bhraitheann an Roinn ar leas dlisteanach agus í i mbun a cúraimí poiblí. Bíonn an Roinn, áfach, ag brath ar leas dlisteanach a úsáid nuair a bhaineann próiseáil sonraí pearsanta le hoibriú na heagraíochta, e.g.

BEARTAS UM CHOSAINT SONRAÍ

oibriú TCI ar mhaithe le slándáil agus sábháilteacht daoine ag úsáid a cuid saoráidí.

Go cóir – le go ndéanfar an phróiseáil go cóir, ní mór don Roinn faisnéis áirithe a chur ar fáil do na daoine is ábhar do na sonraí. Feidhmíonn seo má baineadh na sonraí go díreach ó na daoine is ábhar do na sonraí nó ó fhoinsí eile.

Go trédhearcach – Cuirfidh an Roinn an fhaisnéis atá riachtanach ar fáil do dhaoine is ábhar do na sonraí tráth a mbailítear na sonraí pearsanta. Áiritheoidh an Roinn go mbeidh an fhaisnéis a chuirtear ar fáil mionsonraithe agus sonrath agus go mbeidh fógraí den sórt sin intuigthe agus so-aimsithe. Ní mór faisnéis a chur in iúl don duine is ábhar do na sonraí i riocht intuigthe agus i dteanga shoiléir ghlan. Le go mbeifear ag teacht leis na riachtanais seo thuas, d'fhéadfadh an Roinn beartais chuí a fheidhmiú le faisnéis a chur ar fáil ar a suíomh gréasáin nó ó scoileanna agus eagraíochtaí oideachasúla eile. Ní mór go gcuimseodh an fhaisnéis a bhaileofar faisnéis faoi shonraí pearsanta a bailíodh ón duine is ábhar do na sonraí go díreach agus ó fhoinsí eile. Féadfaidh an Roinn deilbhíní caighdeánaithe a ghlacadh amach anseo.

4.2 *Ní féidir sonraí pearsanta a bhailiú ach le haghaidh críocha atá sonrath, soiléir agus dlisteanach*

Ní bhaileoidh agus ní phróiseálfadh an Roinn sonraí pearsanta ach amháin don chuspóir ar bailíodh iad agus chun críocha atá ag teacht leis an gcuspóir sin amháin. Ní mór d'fhoireann na Roinne bheith ar airdeall maidir le hiarratais ar phróiseáil sonraí pearsanta chun críocha nár bailíodh iad, is cuma cé chomh gaolta agus a bheadh an phróiseáil de réir dealraimh. Níor chóir leanúint le próiseáil ach tar éis measúnú a dhéanamh ar thionchar na próiseála nua. D'fhéadfaí an measúnú sin a dhéanamh mar chuid de mheasúnú tionchair ar chosaint sonraí, féach alt 6.6 thíos.

4.3 *Ní mór go mbeadh sonraí pearsanta leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don méid is riachtanach don phróiseáil (íoslaghdú sonraí)*

Cinntoidh an Roinn, agus modhanna bailithe sonraí á ndearadh aici, bíodh sin ar líne nó trí fhoirmeacha bailithe sonraí, nach bpróiseálfar ach na sonraí pearsanta is gá leis an duine/na daoine is ábhar do na sonraí a aithint agus leis an tseirbhís nó an clár a chur ar fáil. Tugann an Roinn faoi athbhreithnithe rialta ar na sonraí a iarrtar lena chinntiú go n-íoslaghdaítear an líon sonraí pearsanta a bhailítear.

BEARTAS UM CHOSAINT SONRAÍ

4.4 Ní mór go mbeidh sonraí pearsanta cruinn agus cothrom le dáta agus go ndéanfar gach iarracht sonraí a scrios nó a cheartú gan mhoill

Tá de cheart ag gach duine is ábhar do na sonraí go gcinnteofar go bhfuil a gcuid sonraí cruinn agus comhlán. Teastaíonn ón Roinn sonraí atá cruinn don chuspóir lena n-úsáidfear iad. Ní mór gach gnás maidir le bailiú sonraí a dhearadh lena chinntiú go dtógtar céimeanna réasúnta le sonraí pearsanta a nuashonrú sa chás go dtugtar sonraí nua. Sa chás go n-athraítear sonraí pearsanta ar iarratas an duine is ábhar do na sonraí, ní mór gach athrú ar a sonraí pearsanta a roinnt le gach tríú páirtí lena roinneadh na sonraí roimhe, seachas sa chás go mbeadh sin dodhéanta nó go mbeadh iarracht dhíréireach i gceist.

4.5 Ní mór sonraí pearsanta a choinneáil i riocht nach féidir an duine is ábhar do na sonraí a shainaithint ach chomh fada agus is gá le haghaidh próiseála

Cuirfidh an Roinn beartais agus nósanna imeachta iomchuí chun feidhme lena áirithiú nach gcoinnítear sonraí pearsanta ach don íostréimhse is gá le haghaidh an chuspóra nó na gcuspóirí. Is féidir seo a dhéanamh trí na sonraí pearsanta a scrios, trí anaithnidiú nó ar aon mhodh iomchuí eile.

4.6 Ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar shlí a áirithíonn slándáil iomchuí

Cuirfidh an Roinn bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochta chun feidhme lena áirithiú go bhfuil slándáil chuí i bhfeidhm maidir le próiseáil sonraí pearsanta.

4.7 Freagracht as comhlíonadh a léiriú

Áiritheoidh an Roinn gur choinnigh sí taifid leordhóthanacha dá próiseáil chomh maith le fianaise gur chomhlíon sí an beartas seo mar aon le beartais agus nósanna imeachta eile comhghaolmhara. Is ar an mBainistíocht atá an fhreagracht an fhianaise a bhailiú agus a choinneáil. Féach alt 3 den bheartas seo le haghaidh tuilleadh treorach.

5. Cearta daoine aonair ar bailíodh a gcuid sonraí

Dearfaidh agus coinneoidh an Roinn beartais, nósanna imeachta agus oiliúint iomchuí leis na cearta sonraí seo a leanas i dtaca le daoine is ábhar do na sonraí a fheidhmiú.

5.1 Ceart rochtana an duine is ábhar do na sonraí

Feidhmeoidh an Roinn nósanna imeachta a áiritheoidh go sainaitheofar iarratais ó dhaoine is ábhar do na sonraí ar shonraí pearsanta dá gcuid féin agus go gcomhlíonfar na hiarratais de réir na reachtaíochta.

5.2 Ceart ar cheartú

Tá an Roinn tiomanta go gcoinneoidh sí sonraí lánchruinne faoi dhaoine is ábhar do na sonraí agus feidhmeoidh sí próisis agus nósanna imeachta lena áirithiú gur féidir le daoine is ábhar do na sonraí a gcuid sonraí a cheartú sa chás go sainaitheofar míchruinneas.

5.3 Ceart scriosta sonraí (an ceart go ligfí i ndearmad)

Próiseálann an Roinn sonraí pearsanta a bhailíonn sí mar tá bunús dlí leis an bpróiseáil. Sa chás go bhfaigheann an Roinn iarratais ó dhaoine is ábhar do na sonraí ag iarradh a gceart go ligfí i ndearmad iad, déanfaidh an Roinn measúnú cé acu is féidir na sonraí a scrios gan cur isteach ar chumas na Roinne seirbhísí a chur ar fáil san am atá le teacht don duine is ábhar do na sonraí nó a n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh, faoin Acht um Chartlann Náisiúnta 1986, mar shampla.

5.4 Ceart go ndéanfaí próiseáil a shrianadh

Feidhmeoidh agus coinneoidh an Roinn nósanna imeachta iomchuí le measúnú a dhéanamh cé acu is féidir iarratas go ndéanfaí próiseáil ar shonraí ó dhuine is ábhar do na sonraí a shrianadh a fheidhmiú. Sa chás go gcomhlíontar an t-iarratas go ndéanfaí próiseáil a shrianadh, scríobhfaidh an Roinn chuig an duine is ábhar do na sonraí lena dhearbhu gur cuireadh an srianadh chun feidhme agus nuair a thógfá an srianadh.

5.5 Ceart maidir le hiniomparthacht sonraí

Próiseálann an Roinn sonraí pearsanta a bhailíonn sí mar tá bunús dlí leis an bpróiseáil. Sa chás gur bhailigh an Roinn sonraí ar dhaoine is ábhair do na sonraí de thoil nó trí chonradh, beidh de cheart ag daoine is ábhar do na sonraí sonraí a fháil i bhformáid leictreonach lena dtabhairt do rialaitheoir sonraí eile. Níltear ag dréim go mbainfidh an ceart seo ach le líon beag daoine is ábhar do na sonraí.

BEARTAS UM CHOSAINT SONRAÍ

5.6 *An ceart chun cur i gcoinne (Art.21)*

Tá de cheart ag daoine is ábhar do na sonraí cur i gcoinne phróiseáil a s(h)onraí faoi chúinsí áirithe. Sa chás go bhfaightear cur i gcoinne den sórt sin, déanfaidh an Roinn measúnú ar gach cás ar a chuid buanna féin.

5.7 *An ceart nach mbeifí faoi réir cinnteoireacht uathoibrithe (Art.22)*

Tá de cheart ag daoine is ábhar do na sonraí gan bheith faoi réir cinneadh nár bunaíodh ach ar phróiseáil uathoibrithe, sa chás go mbeadh tionchar dlí nó tionchar suntasach maidir leis nó léi. Faoi láthair, níl aon chinnteoireacht uathoibrithe taobh istigh den Roinn. Má chuirtear tús lena a leithéid de phróiseáil amach anseo, cinnteoidh an Roinn, nuair chuirfear córais chun feidhme go mbeidh an ceart iomchuí ar achomharc ar fáil don duine is ábhar do na sonraí.

5.8 *Ceart chun gearán a dhéanamh*

Feidhmeoidh agus coinneoidh an Roinn próiseas gearán sa chaoi go mbeidh daoine is ábhar do na sonraí in ann teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí. Oibreoidh an tOifigeach Cosanta Sonraí leis an duine is ábhar do na sonraí leis an ngearán a réiteach go sásúil don dá dhream. Cuirfear in iúl don duine is ábhar do na sonraí go bhfuil de cheart aige/aici an gearán a chur faoi bhráid an Choimisinéara um Chosaint Sonraí agus tabharfar a shonraí teagmhála.

6. Freagrachtaí an ROS

Tá freagracht ar an ROS as na nithe seo a leanas:

6.1 *Beartais chuí teicniúla agus eagarthóireachta a áirithiú*

Cuirfidh an Roinn bearta iomchuí teicniúla agus eagarthóireachta chun feidhme lena áirithiú agus lena léiriú le fianaise gur chosain sí i gcónaí sonraí pearsanta.

6.2 *Cothabháil ar thaifead próiseála sonraí*

Déanfaidh an Roinn cothabháil ar a ngníomhaíochtaí próiseála sonraí de réir mar a mholtar sa Rialúchán. Déanfaidh an rialaitheoir sonraí (i.e. Príomh-Oifigeach) athbhreithniú ar an taifead agus síniú a chur leis uair in aghaidh na bliana, ar a laghad..

6.3 *Comhaontuithe iomchuí a fheidhmiú le tríú páirtithe*

Le go gceadófar sonraí pearsanta a roinnt ag an Roinn le tríú páirtí is gá go mbeidh bunús dlí faoi agus is gá go mbeidh roinnt na sonraí trédhearcach. Nuair a bhíonn an bunús dlí sin ann cuirfidh an Roinn chun feidhme comhaontuithe iomchuí, meamraim tuisceana, comhaontuithe agus conarthaí déthaobhacha (ar a dtugtar ‘comhaontuithe’) le gach tríú páirtí lena roinneann sí sonraí pearsanta d’fhonn róil agus freagrachta gach páirtí faoi seach a aithint. Cuimsítear sa téarma ‘tríú páirtí’ gníomhaireachtaí eile, ranna de chuid Rialtas na hÉireann agus scoileanna agus eagraíochtaí eile. Cuirfear gach comhaontú den sórt sin chun feidhme i scríbhinn roimh thús a chur le haistriú na sonraí. Sonróidh an comhaontú cuspóir an aistriú, an riachtanas i leith slándála iomchuí, an ceart deireadh a chur le próiseáil, srian a chur le haistriú chuig páirtithe eile, agus a áirithiú go dtabharfar freagraí ar iarraidh faisnéise agus an ceart ar iniúchadh.

6.4 *Aistrithe sonraí pearsanta lasmuigh den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach*

Ní dhéanfaidh an Roinn sonraí pearsanta maidir lena hábhair sonraí a aistriú amach ón Limistéar Eacnamaíoch Eorpach ach amháin i gcás go mbíonn leibhéal leordhóthanach cosanta cinntithe nó má bhíonn bearta eile ann a éilítear ag RGCS i bhfeidhm.

6.5 *Cosaint sonraí trí dhearadh agus trí mhainneachtain*

Cuirfidh an Roinn próisis chun feidhme, sula gcinntear an modh próiseála agus le linn na próiseála féin, d’fhonn bearta iomchuí teicniúla agus eagarthóireachta leis na prionsabail um chosaint sonraí atá in Alt 4 a chur chun feidhme agus na coimircí is gá a chomhtháthú sa phróiseáil chun a bheith i gcomhréir le ceanglais RGCS.

BEARTAS UM CHOSAINT SONRAÍ

6.6 *Measúnuithe ar thionchar cosanta sonraí*

Cuirfidh an Roinn próisis agus doiciméadúchán chun feidhme sa chaoi go ndéanfar measúnú ar thionchar cosanta sonraí i dtaca le haon chineál nua próiseála, go háirithe le teicneolaíochtaí nua, a mbeidh baol i gceist leo ó thaobh chearta agus shaoirsí ábhar sonraí de. Mar chuid den phróiseas seo, tabharfar cóip den mheasúnú ar thionchar cosanta sonraí d'Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne. I gcás nach mbeidh an Roinn in ann bearta a aithint a mhaolaíonn an baol a aithníodh, rachaidh an Roinn i gcomhairle leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí roimh thús na próiseála.

6.7 *Sárúithe i leith cosanta sonraí*

Sainmhíonann an RGCS (Airteagal 4(12)) 'sárú sonraí pearsanta' mar shárú slándála, trí thimpiste nó trí dhlí a shárú, arb iarmhairt leis scrios, cailteanas, athrú, nochtadh nó rochtain neamhúdaraíthe ar shonraí pearsanta a traschuireadh, a stóráladh nó a próiseáladh ar mhodh eile..

Déanfaidh an Roinn forbairt agus cothabháil ar phrótacal chun plé le sárúithe sonraí pearsanta. Beidh an prótacal sin mar bhonn ag an modheolaíocht le haghaidh sárú sonraí pearsanta a láimhseáil agus le haghaidh eolas faoin sárú a chur chuig an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí agus chuig ábhair sonraí sa chás go meastar gur gá sin.

6.8 *Saoráil Faisnéise*

Déanann an Roinn cothabháil ar bheartas ar leith d'fhonn a áirithiú go bhfuiltear ag comhlíonadh na saorála faisnéise. Déanfaidh an Roinn cothabháil ar phróisis lena áirithiú go gcomhlíonfar iarraidh ar shaoráil faisnéise mar is ceart, bíodh sin faoi reachtaíocht cosanta sonraí nó faoi reachtaíocht um shaoráil faisnéise.

6.9 *Rialachas*

Déanfaidh an Roinn faireachán ar chomhlíonadh reachtaíochta ábhartha maidir le rialachas agus cosaint sonraí. Déanfaidh an Roinn, ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí, na nithe seo a leanas

- Beartais um rialachas sonraí a chinneadh don Roinn
- Beartais um bhainistiú ar thaifead a chinneadh don Roinn
- Méadrachtaí a chinneadh le haghaidh faireachán agus tuairisciú ar staidreamh faoi chosaint sonraí
- Tuarascálacha tráthrialta a fháil faoi ghníomhaíochtaí cosanta sonraí ó Rannóga na Roinne
- Tuarascálacha tráthrialta a fháil ón Oifigeach Cosanta Sonraí
- Athbhreithniú ar mheasúnuithe tionchair ar chosaint sonraí agus cinneadh faoi ghnéithe um chosaint sonraí ag tionscadail faoi leith a dhearbhu nó gan a dhearbhu
- Fiosruithe a chur ar bun maidir le ceisteanna leasa i ndáil le cosaint sonraí
- Iniúchadh nó eile a chomhionann ar aonaid Roinne maidir leis an mbeartas seo a chomhlíonadh

BEARTAS UM CHOSAINT SONRAÍ

- Aon ghníomaíocht eile a bhaineann le Roinn Dí na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh maidir le cosaint sonraí.

7. Freagrachtaí an Oifigigh Chosanta Sonraí

Déanfaidh an Roinn Oifigeach Cosanta Sonraí a cheapadh. Beidh an tOifigeach ag tuairisciú don leibhéal is airde den bhainistíocht shinsearach sa Roinn maidir leis na cúraimí a thugtar dó/di. Beidh na nithe seo a leanas i measc na gcúraimí a leagfar ar an Oifigeach Cosanta Sonraí

- i. An Bord Stiúrtha, agus i gcás go sanntar sin, fochoistí de chuid an Bhoird Stiúrtha a choinneáil ar an eolas faoi fhreagrachtaí cosanta sonraí, rioscaí agus saincheisteanna
- ii. Abhchóideacht ar son cosanta sonraí a dhéanamh taobh istigh den Roinn
- iii. Faireachán a dhéanamh ar an reachtaíocht ábhartha maidir le cosaint sonraí
- iv. Faireachán go bhfuil athbhreithniú agus nuashonrú á ndéanamh go tráthrialta ar gach beartas cosanta sonraí
- v. Faireachán go dtugann an Roinn oiliúint agus comhairle iomchuí maidir le cosaint sonraí dá gcomhaltaí foirne agus dóibh siúd a áirítear sa bheartas seo
- vi. Comhairle a chur ar fáil nuair a iarrtar sin maidir le measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí, agus faireachán a dhéanamh go gcuirtear measúnuithe den sórt sin i gcrích ar an gcaighdeán iomchuí
- vii. Comhairle a chur ar fáil maidir le saincheisteanna faoi chosaint sonraí ag an bhfoireann, comhaltaí boird agus ag páirtithe leasmhara eile.
- viii. Freagairt do dhaoine aonair ar nós cliant agus fostaithe ar mian leo a fháil amach cé na sonraí atá ar coinneáil ag an Roinn ina dtaobh féin
- ix. Faireachán go bhfuil comhaontuithe iomchuí próiseála sonraí i bhfeidhm le tríú páirtithe a láimhseálann sonraí na Roinne agus a áirithú go ndéantar athbhreithniú ar thríú páirtithe go tráthrialta.
- x. Faireachán go bhfuil an taifead ar ghníomhaíochtaí próiseála sonraí á nuashonrú go tráthrialta.
- xi. Bheith mar phointe teagmhála agus comhar a chur ar fáil don Choimisinéir um Chosaint Sonraí

8. Freagrachtaí comhaltaí foirne agus páirtithe comhchosúla

Tá freagracht ar aon duine a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann na Roinne an beartas cosanta sonraí seo a chomhlíonadh. Tá mionchomhairle faoin gcaoi leis sin a dhéanamh ar fáil ar ghréasan inmheánach na Roinne.

8.1 *Oiliúint agus Feasacht*

Cuirfear oiliúint ar gach ball foirne faoin mbeartas seo. Gheobhaidh oibrithe nuathosaithe oiliúint mar chuid den phróiseas ionduchtaithe. Is den riachtanas é an oiliúint a chur i gcrích.

Lena chois sin, meabhraítear i gcónaí don fhoireann faoi na hoibleagáidí maidir le cosaint sonraí trí oibleagáidí bliantúla le haghaidh sínithe, feachtais rialta póstaer; ríomhphoist chuig an bhfoireann; acmhainní ar shuíomh gréasáin inmheánach na Roinne; seachtainí rialta feasachta; fógra bliantúil faoi oibleagáidí.

8.2 *Impleachtaí mura gcomhlíontar an beartas*

Tá an Roinn an-dáiríre faoi chomhlíonadh an beartais seo. Mura gcomhlíontar é cruthaítear riosca don bhall foirne agus don Roinn.

Tá de thábhacht ag an mbeartas seo go bhféadfadh aon sárú ar aon riachtanas a bheith ina chúis le beart araíonachta faoi Chód Araíonachta na Státseirbhíse.

9. Treoir maidir le fiosruithe faoin mbeartas um chosaint sonraí

Tá acmhainní ag an Roinn ar a suíomh gréasáin www.education.ie agus is dóibh sin is cóir tagairt a dhéanamh sa chéad dul síos.

Mura bhfaigheann tú ansin an freagra ar do cheist is féidir teagmháil a dhéanamh le:

An tOifigeach Cosanta Sonraí
Aonad um Chosaint Sonraí
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
N37 X659

090 648 3908

dpo@education.gov.ie

Tiocfaidh an beartas seo i bhfeidhm ar an 25ú Bealtaine 2018.

Is i mí Bealtaine 2019 a dhéanfar an chéad athbhreithniú eile ar an mbeartas seo.

Séanadh

Tá an doiciméad seo arna tháirgeadh chun críche na faisnéise ginearálta amháin. Ní comhairle dhlíthiúil atá sa doiciméad seo maidir le aon ábhar faoi leith nó ginearálta. Má theastaíonn comhairle dhlíthiúil uait, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le comhairleoir dlí.